Bord Gáis Energy *samhlaímis*

Sa bhaile

FEABHRA / MÁRTA 2010

SAN EAGRÁN SEO

Eolas ar laghdú ar phraghas gáis nádúrtha

Cairt Chustaiméara - ár dtiomantas duitse

Leideanna coigilte fuinnimh chun do chostais a chiorrú

Leideanna coigilte fuinnimh!
Modhanna simplí chun costais a chiorrú

Thíos faoi seo tá roinnt céimeanna simplí gur féidir leat a thógáil a chabhróidh leat airgead a shábháil ar do chostais leictreachais agus d'astúcháin charbóin a mhaolú.

SOILSIÚ

- Aistrigh, nuair is féidir, gnáthbholgáin le bolgáin solais CFL
- Múch soilse nuair a bhíonn seomraí á bhfágáil agat ar feadh tréimhse ama
- Suiteáil braiteoirí gluaiseachta agus amadóirí do shoilse lasmuigh

UISCE TE

- Glac cith in áit folcadáin. Úsáideann gnáthchith timpeall aon chúigiú an méid fuinnimh is a n-úsáideann folcadán
- Imíonn an chuid is mó den fhuinneamh a úsáideann meaisín níocháin ar théamh an uisce. Bain úsáid as socruithe níocháin fuara nuair is féidir agus déan iarracht gach níochán a dhéanamh le hualach lán.
- Insligh d'umar uisce le seaicéad fálaithe, de mhiontiús 75mm

DO THEACH A THÉAMH

- Roghnaigh téitheoirí a bhíonn faoi smacht ag teirmeastat agus a mbíonn amadóir leo.
- Insligh d'áiléar le hinsliú atá ar a laghad de thiús 200mm.

SA CHISTIN

- Dí-reoigh cuisneoirí agus reoiteoirí go rialta le cur lena n-éifeacht.
- Tá tóstaeir i bhfad níos tíosaí ar fhuinneamh ná an griolla chun arán a thóstadh.
- Coimeád cuisneoirí agus reoiteoirí amach ó shoirn
- Ná forlíon an citeal, bruith an méid atá de dhíth ort
- Nuair a bhíonn tú ag cócaireáil glasraí bain úsáid as go leor uisce chun an bia a chlúdach agus coinnigh clúdaigh air le linn na cócaireachta

FEARAIS LEICTREACHA

- Múch an TV, DVD, PC - úsáideann siad leictreachas fiú agus iad ar fhuireachas.
- Nuair a bhíonn tú ag ceannach fearais nua nó ag athchur seanchinn roghnaigh fearais le lipéidí fuinnimh orthu. (Rátáiltear éifeachtúlacht fuinnimh ar scála ó A go G nuair is rátáil A an ceann is éifeachtaí ó thaobh fuinnimh de).

sei | power of one

Chun breis leideanna a fháil faoi shábháil fuinnimh téir go ***www.sei.ie/powerofone***

3. Ráthaíocht an chóid chleantais do mhargaíocht
Tugaimid deimhniú duit go gcomhlíonfaimid ár gcód cleachtais do mhargaíocht agus go nglacfaimid leis na cleachtais mhargaíochta is fearr, mar atá leagtha amach sa chód seo. Má theipeann orainn an ráthaíocht seo a chomhlíonadh, beidh tú i dteideal íocaíochta de €35.

4. Ráthaíocht faoi ghearáin a láimhseáil
Tá sé mar aidhm againn gach gearán custaiméara a réiteach chomh luath agus chomh cóir is féidir. Tá cód cleachtais faoi ghearáin na gcustaiméirí a láimhseáil foilsithe againn, a dhéanann cur síos ar ár dtiomantas agus ár nósanna imeachta maidir le gearáin na gcustaiméirí a réiteach. Má theipeann orainn ár dtiomantais atá léirithe sa chód seo a chomhlíonadh, beidh tú i dteideal íocaíochta de €35.

5. Ráthaíocht seirbhísí speisialta
Cuirimid réimse seirbhísí speisialta ar fáil le cabhrú le custaiméirí a bhfuil riachtanais speisialta acu mar aon leo siúd a bhíonn ag brath ar fhearais leighis leictreacha baile. Foilsítear na seirbhísí seo i gcód cleachtais ár gcláir seirbhísí speisialta Is gá do chustaiméirí ar mian leo agus atá i dteideal na seirbhísí seo a úsáid clárú linn ar dtús. Má theipeann orainn ár dtiomantais a chomhlíonadh do chustaiméirí a chláraigh ar ár gclár seirbhísí speisialta, beidh tú i dteideal íocaíochta de €35.

6. Ráthaíocht íocaíochta bille
Tá nósanna imeachta soiléire againn a chinntíonn nach ndéantar an soláthar a dhícheangal i gcás riaráiste, ach amháin mar rogha dheiridh. Tá cód cleachtais foilsithe againn ar íocaíocht bille a shonraíonn an tslí a láimhseálaimid custaiméirí a bhfuil deacrachtaí acu a mbillí a íoc. Má theipeann orainn ár dtiomantais a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa chód seo, beidh tú i dteideal íocaíochta de €35.

Cairt chustaiméara
Ár dtiomantas duitse

Tá Bord Gáis Energy tiomanta ar sheirbhís chustaiméara ardchaighdeáin agus comhsheasmhach a chur ar fáil duit. Aithnímid an tábhacht a bhaineann le héisteacht le agus le freastal ar do riachtanais.

Déanann an chairt chustaiméara seo cur síos ar leibhéal na seirbhíse custaiméara a gheallaimid a bheidh á gcur ar fáil duit agus tú ag déileáil le Bord Gáis Energy.

Ár gcaighdeáin seirbhísí custaiméirí foriomlána

Oibríonn Bord Gáis Energy le cinntiú go bhfuil eolas soiléir, tráthúil agus cruinn ar fáil do na custaiméirí go léir go héasca, ag gach pointe teagmhála. Leanaimid de bheith ag iarraidh simpliú a dhéanamh ar na rialacha, na nósanna imeachta agus na bileoga eolais.

- Is féidir teagmháil a dhéanamh linn ar ghuthán, trí litir, rphost nó ar ár suíomh Gréasáin ag **www.bordgaisenergy.ie**
- Beidh ár bhfoireann sheirbhíse chustaiméara béasach agus cúirtéiseach i gcónaí agus tabharfaidh siad a n-ainmeacha duit.
- Bímid ag éisteacht le agus ag freastal ar riachtanais ár gcustaiméirí agus cuirimid fáilte roimh aischothú ar bith maidir lenár seirbhísí.
- Déanfaimid ár bhfoireann a oiliúint chun na seirbhísí a bhfuil cur síos orthu sa chairt seo a chur ar fáil, agus coinneoimid ár gcuid oiliúna cothrom le dáta.
- Déanaimid monatóireacht agus tomhas ar na seirbhísí a chuirimid ar fáil le bheith cinnte go bhfuil ár ngeallúintí á gcomhlíonadh againn.

Ár gcaighdeáin seirbhíse ráthaithe

In éineacht leis na caighdeáin seirbhíse fhoriomlána, tá caighdeáin seirbhíse dheimhnithe againn. Má theipeann orainn aon cheann de na deimhniúcháin seo a chomhlíonadh, geallaimid go ngabhfaimid ár leithscéal leat agus déanfaimid gach iarracht an fhadhb a cheartú láithreach, pé áit ar gá.

1. **Ráthaíocht faoi fhiosruithe billeála**
   Is féidir an chuid is mó de d'fhiosruithe faoi do bhille nó íocaíocht do bhille a fhreagairt ar an nguthán, láithreach bonn. Má scríobhann tú chugainn le fiosrú billeála, déanfaimid athbhreithniú ar d'fhiosú agus tabharfaimid freagra ort taobh istigh de deich lá gnó. Má theipeann orainn freagra a thabhairt laistigh de deich lá gnó, beidh tú i dteideal íocaíochta de €35.
2. **Ráthaíocht aisíocaíochta**
   Sa chás go nglacaimid leis go bhfuil tú i dteideal creidmheasa a fháil ar bhunús ar bith maidir le do bhille, tugaimid deimhniú duit go gcuirfear creidmheas isteach i do chuntas taobh istigh de deich lá gnó nó, tar éis don mhéid a íocfar a bheith aontaithe. Má theipeann orainn creidmheas a chur ar do chuntas laistigh de deich lá gnó, beidh tú i dteideal íocaíochta de €35.



Ón 1 Feabhra 2010, laghdóidh Bord Gáis Energy praghas an gháis faoi 8%* ar an meán le haghaidh gach custaiméara cónaithe. Is ionann é seo agus an tríú laghdú ar phragas an gháis laistigh de bhliain – arb ionann agus laghdú carnach de bhreis agus 25% é ó Bhealtaine 2009 i leith. Seo scéal a bheadh daoine an-sásta faoi na laethanta seo cé go mbeidís sásta faoi am ar bith. Is féidir tuairim a fháil thíos faoin airgead is féidir leat a choigilt lenár rátaí ísle nua.

GNÁTH-THARAIF TÍ	ROIMHE (VAT SAN ÁIREAMH)	ROIMHE (GAN VAT)	NUA (VAT SAN ÁIREAMH)	NUA (GAN VAT)	COIGIL
Buanmhuirear	**€68.10**	**€60.00**	**€68.10**	**€60.00**	
Praghas an aonaid	**4.851**	**4.274**	**4.463**	**3.932**	**8%**

TARAIF GAN MUIREAR SEASTA	ROIMHE (VAT SAN ÁIREAMH)	ROIMHE (GAN VAT)	NUA (VAT SAN ÁIREAMH)	NUA (GAN VAT)	COIGIL
Leibhéal 1 - Praghas an aonaid	**6.836**	**6.023**	**6.836**	**6.023**	
Leibhéal 2 - Praghas an aonaid	**4.851**	**4.274**	**4.463**	**3.932**	**8%**

TARAIF CHOIGILTE GHEIMHRIDH	ROIMHE (VAT SAN ÁIREAMH)	ROIMHE (GAN VAT)	NUA (VAT SAN ÁIREAMH)	NUA (GAN VAT)	COIGIL
Buanmhuirear	**€223.03**	**€196.50**	**€209.76**	**€184.81**	**6%**
Aonaid chuachta	**3420**	**3420**	**3420**	**3420**	
Praghas an aonaid	**4.851**	**4.274**	**4.463**	**3.932**	**8%**

Má tá aon cheist agat faoin gcoigilteas seo tabhair cuairt ar ár suíomh Gréasáin le do thoil ag ***www.bordgaisenergy.ie*** *nó glaoigh orainn ag* ***1850 632 632***

** meánchoigilt bunaithe ar 13,800kWh in aghaidh na bliana bunaithe ar rátaí aonad gáis amháin agus nach n-áiríonn an muirear seasta.*

Dhá chuid atá sa taraif seo, an muirear seasta agus an muirear ar an ngás nádúrtha a chaitheann tú.

Is le haghaidh custaiméirí ar fearr leo gan muirear seasta a íoc a ceapadh an taraif seo. Ina ionad sin, dhá leibhéal muirear atá ann: is ag rátaí Leibhéal 1 a dhéantar an chéad 3,550 aonad a mhuirearú, agus déantar aonaid bhreise a mhuirearú ag ráta Leibhéal 2.

Leis an taraif Choigilte Gheimhridh, beidh muirear seasta de €290.76 (€184.81 gan VAT a áireamh) ann in aghaidh na bliana. Is ionann é seo agus 57.4 cent in aghaidh an lae agus tú i dteideal 3,420 aonad cuachta a fháil a dháilfear i rith an gheimhridh gan táille bhreise ar bith. Cuirfear lascaine 8% i bhfeidhm ar an ráta aonaid chuachta a mbeidh lascaine 6% ar an muirear seasta mar thoradh uirthi. Cabhraíonn an ráta Coigilte Geimhridh le costais an gháis a úsáideann tú a chothromú le linn na bliana, rud a chabhraíonn leis na billí is mó le linn mhíonna an gheimhridh a íoc.

Fáilte go Sa bhaile

Táimid ag tnúth go mór le bliain ghnóthach eile anseo ag Bord Gáis Energy agus muid ag obair chun airgead breise a choigilt duit. Tabharfar meánlaghdú de 8%* isteach ón 1 Feabhra ar aghaidh, arb é an tríú laghdú ar phraghas an gháis laistigh de bhliain é. Tá na sonraí ar an méid is féidir leat a choigilt ar leathanach 3. Is féidir leat costais a chiorrú tuilleadh leis na leideanna coigilte fuinnimh ar leathanach a sé. Táimid fós tiomanta d'ardleibhéil seirbhíse agus tá cur síos orthu inár gCairt Chustaiméirí ar 4 & 5.

Táimid an-bhródúil as cúnamh € 1 mhilliún a chur ar fáil do bhillí gáis ár gcustaiméirí leochaileacha tar éis seal fuar a bheith againn le déanaí.

Más mian leat ceist ar bith a chur orainn, ní gá ach líne a scríobh chugainn ag athome@bordgaisenergy.ie. Bíonn áthas orainn i gcónaí cloisteáil uait agus táimid sásta cabhrú leat ar aon bhealach is féidir!



TRACEY KENNEDY *Bainisteoir na Seirbhísí do Chustaiméirí*
BORD GÁIS ENERGY

STAITISTICÍ TÁBHACHTACHA

25%
An laghdú carnach ar phraghsanna gáis a thugamar duit ó Bhealtaine 2009 i leith

4,677
Líon na n-iontrálacha a fuair Bord Gáis Energy anuraidh ó dhaltaí ar fud na tíre a bhí ag glacadh páirte sa chomórtas 'Capture the Power'.

€1 mhilliún
An tsuim a d'fhógraíomar go gcuirfimid ar fáil i leith billí gáis na ndaoine is mó i ngátar mar thoradh ar an aimsir fhuar a bhí againn tamall fada.